



Ceisteanna Coitianta

1. Cad is Intreo ann?

Is éard atá in Intreo ná seirbhís nua ón Roinn Coimirce Sóisialaí a chabhróidh leat ó thaobh freastal ar do riachtanais le seirbhísí tacaíochta ioncaim agus fostaíochta.

Tabharfaidh Intreo seirbhís fhéinoiriúnaithe, a bhunófar ar do riachtanais féin lena n-áirítear: comhairle ar dheiseanna oideachais, oiliúna agus forbartha pearsanta, cúnamh cuardaigh oibre chomh maith le heolas ar raon ár dtacaí ioncaim agus ar an gcaoi le teacht ar na tacaí sin.

2. Cad iad na seirbhísí agus na tacaí a chuireann Intreo ar fáil?

- Seirbhísí fostaíochta agus tacaí ioncaim ar fáil in áit amháin.
- Cúnamh saineolach agus comhairle shaineolach ar dheiseanna oideachais, oiliúna agus forbartha pearsanta.
- Aiceann ar do riachtanais féin chun cuidiú leat dul isteach sa líon saothair.
- Saoráidí féinseirbhíse chun eolas agus treoir ar dheiseanna oideachais agus oiliúna a chur ar fáil duit.
- Caoi le teacht ar eolas ar fholúntais i bpoist trí www.jobsireland.ie.
- Eolas ar raon iomlán na dtacaí ioncaim a chuireann an Roinn Coimirce Sóisialaí ar fáil, mar shampla, íocaíochtaí do lucht cuardaigh fostaíochta, íocaíochtaí um fhilleadh ar obair agus ar oideachas, íocaíochtaí teaghlaigh aontuismitheora, pinsin agus cinn eile. Thairis sin, leanfaidh an bhuíon i do Lárionad Intreo de bheith ag plé le haon cheist uait maidir le d'íocaíocht do lucht cuardaigh fostaíochta nó d'íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora.

3. Cad iad na cáipéisí is gá dom a thabhairt liom nuair a thabharfaidh mé cuairt ar mo Lárionad Intreo áitiúil don chéad uair?

Nuair a thabharfaidh tú cuairt ar an Lárionad Intreo don chéad uair, is cóir duit d'uimhir PSP agus cruthúnas ar do sheoladh, mar bhille fónais i d'ainm féin, a thabhairt leat.

4. Cá bhfuil an tseirbhís Intreo ar fáil?

Ta an tSeirbhís Intreo á tabhairt isteach de réir a chéile i ngach ceann dár lárionaid ar fud na tíre.

Beidh sí ar fáil i dtosach i gceithre lárionad sna láithreacha seo a leanas:

- Sráid an Chrainn Mhóir, Sligeach
- Sráid Parnell, Baile Átha Cliath 1
- An Chearnóg, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24
- Páirc an Chaisleáin, An tInbhear Mór, Contae Chill Mhantáin

Ta a thuilleadh Lárionad Intreo le hoscailt faoi dheireadh na bliana 2012. Foilseofar na sonraí de na láithreacha nua ar www.welfare.ie agus beidh an tSeirbhís Intreo sna hoifigí go léir faoin mbliain 2014.

5. Cad a tharlóidh nuair a dhéanfaidh mé iarratas ar thacaí do lucht cuardaigh fostaíochta don chéad uair i Lárionad Intreo?

Ba chóir duit bualadh isteach chuig ár limistéar fáiltithe chun coinne a dhéanamh. Tabharfaidh ár mbuíon an fhorim iarratais duit, déanfar coinne duit agus inseofar duir faoi na cáipéisí is gá duit a thabhairt leat chuig do choinne.

Lena chois sin, féadfaidh tú d'iarratas ar thacaí do lucht cuardaigh fostaíochta a chur faoinár mbráid ar líne i gcás áiteanna áirithe. Tabhair cuairt ar www.welfare.ie chun a thuilleadh eolais a fháil.

6. Cad a tharlóidh ansin?

Ba chóir duit d'fhoirm iarratais líonta agus cáipéisí eile a thabhairt leat chuig do choinne.

Déanfaimid athbhreithniú agus próiseáil ar d'iarratas ag do choinne. Ina theannta sin, tabharfar sonraí duit de sheisiún eolais nach mór duit freastal air. Déanfaimid cur síos ag an seisiún eolais seo ar raon iomlán na seirbhísí tacaíochta a bheidh ar fáil ó Intreo.

Tabharfaimid coinne duit i dtaca le cruinniú le duine dár gCásoifigigh. Pléifidh an Casoifigeach do roghanna leat ag an gcruinniú seo agus aontófar Plean Pearsanta Forchéimnithe leat chun cabhrú leat ó thaobh fostaíocht a fháil. Díreofar an Plean seo ar dhul i ngleic le do riachtanais féin.

Cuirfimid comhairle agus tacaíocht ar fáil duit ar bhonn leanúnach maidir leis na spriocanna i do Plean Pearsanta Forchéimnithe a chur i gcrích.

7. Cad iad na seirbhísí a chuirfidh Intreo ar fáil chun cabhrú liom fostaíocht a fháil?

Cuirfidh Intreo na tacaí ábhartha ar fáil duit chun cuidiú leat ó thaobh do chuardaigh oibre. Bunófar na tacaí seo ar do riachtanais féin agus cuirfear in oiriúint iad do do dhálaí pearsanta. Cuimseoidh sé seo comhairle agus eolas ar thacaí ioncaim, ar dheiseanna oiliúna agus forbartha, ar thacaíocht fostaíochta agus ar sheirbhísí gairmthreorach ó Chásoifigeach.

Mar chuid de do Plean Pearsanta Forchéimnithe, leanfaimid de thacaíocht agus de threoir a thabhairt duit ag gach céim chun cabhrú leat ó thaobh do spriocanna a chur i gcrích.

8. Cad iad na seirbhísí agus na tacaí fostaíochta atá ar fáil chun cuidiú liom?

Tá Seirbhísí Fostaíochta ar fáil do gach náisiúnach de chuid an LEE (Limistéar Eacnamaíoch Eorpach). Ba chóir do dhaoine ó lasmuigh den LEE ar mhian leo leas a bhaint as Seirbhísí Fostaíochta teagmháil a dhéanamh lena n-oifig áitiúil chun a n-intofacht a dhearbháil. Is gá uimhir PSP a bheith agat nuair a chláróidh tú i gcomhair na Seirbhísí Fostaíochta.

Cuirfidh ár mbuíon eolas agus comhairle ar fáil duit maidir le deiseanna fostaíochta, cúrsaí oiliúna, tacaí airgeadais agus roghanna eile a chuideoidh leat ó thaobh do chuardaigh oibre.

Mar chuid dár seirbhís treoirthacaíochta, is féidir linn cuidiú leat i dtaca le:

- Feabhas a chur ar do CV agus iarratais a dhéanamh ar phoist.
- Sainaithint a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfar do scileanna agus do thaithí a chur i bhfeidhm ar raon post éagsúil.
- Gníomhaíochtaí cuardaigh fostaíochta.
- Do scileanna a chomhoiriúnú le deiseanna fostaíochta agus oibre atá ar fáil ar ár seirbhís Jabanna Éireann.
- Eolas ar chlár shocrúcháin oibre, agus JobBridge, An Scéim Náisiúnta Intéirneachta, san áireamh.
- Eolas agus comhairle ar chúrsaí agus ar roghanna oiliúna.
- Eolas ar dheiseanna fostaíochta ar fud na hEorpa trí Eures – líonra na Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta

9. Cad iad na seirbhísí eile atá ar fáil ó mo Lárionad Intreo áitiúil?

Beidh tú in ann freisin teacht ar eolas maidir le folúntais i bpoist, cúrsaí oiliúna agus liúntais trí úsáid a bhaint as ár mbothanna féinseirbhíse agus as na pointí eolais sa Lárionad Intreo.

Tá Paca do Lucht Cuardaigh Fostaíochta ar fáil freisin a thugann eolas maidir le:

- conas feidhm a bhaint as an tsaoráid cuardaigh oibre ar Jabanna Éireann,
- conas:
foirm iarratais a líonadh,
CV agus litir chlúdaigh a ullmhú,
ullmhú d'agallamh le haghaidh poist

Thairis sin, foláionn an pacá liosta seoltaí áisiúla de láithreáin ghréasáin.

Féadfaidh tú feidhm a bhaint freisin as ár seirbhís thiomnaithe ghutháin chun teagmháil a dhéanamh le fostóirí faoi phoist a fhógraítear trínár seirbhís Jabanna Éireann.

Is féidir freisin leis an bhfoireann i do Lárionad Intreo áitiúil ceisteanna a fhéadfaidh a bheith agat ar raon iomlán na seirbhísí agus na dtacaí atá ar fáil a fhreagairt.

Tá eolas mionsonraithe ar ár dtacaí, ár seirbhísí agus ár gcláir le fáil freisin ar líne ag www.welfare.ie agus i mbileoga atá ar fáil inár n-oifigí.

10. An mbeidh an fhoireann sa Lárionad Intreo in ann ceisteanna ar thacaí ioncaim eile mar phinsin a fhreagairt?

Beidh, beidh an bhuíon sa Lárionad Intreo in ann eolas a chur ar fáil faoi raon iomlán na dtacaí ioncaim atá ar fáil ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá eolas le fáil freisin ar www.welfare.ie.

11. Cad iad na dualgais atá orm mar dhuine den lucht cuardaigh fostaíochta a fhaigheann íocaíocht do Lucht Cuardaigh Fostaíochta?

Nuair a dhéanann tú iarratas ar íocaíocht do lucht cuardaigh fostaíochta, agus nuair a fhaigheann tú íocaíocht dá leithéid, tá sé á dhearbhú agat go bhfuil tú:

- Ar fáil chun oibre
- Cumasach chun oibre agus
- dáiríre ar lorg oibre ach
- neamhábaltá ar obair a fháil

Tá ceangal á fhágáil ort féin go gcomhoibreoidh tú leis na seirbhísí atreorúcháin fostaíochta, comhairle agus oiliúna de chuid Intreo. Laghdófar nó caillfear d'íocaíocht do lucht cuardaigh fostaíochta mura gcomhlíonann tú na gealltanais seo.

12. Faighim tacaí cheana ón Roinn Coimirce Sóisialaí, cad iad na seirbhísí a bheidh ar fáil dom?

Leanfaimid de raon iomlán na seirbhísí agus na dtacaí a fhaigheann tú faoi láthair a chur ar fáil duit.

13. An mbeidh mé fós in ann bualadh isteach chuig an oifig chéanna maidir le tacaí ioncaim?

Beidh, is í an oifig chéanna a phléifidh le d'íocaíocht leasa shóisialaigh agus le do cheisteanna leasa shóisialaigh.

14. Cad iad na seirbhísí atá le fáil ar líne ag an lucht cuardaigh fostaíochta?

Féadfaidh tú d'iarratas ar íocaíocht do lucht cuardaigh fostaíochta a chur faoinár mbráid ar líne i gcás oifigí áirithe. Féadfaidh tú d'éileamh a dhúnadh nó ráiteas ar an Sochar nó Liúntas do Lucht Cuardaigh Fostaíochta a ícadh leat a iarraidh. Féadfaidh tú íocaíocht do lucht cuardaigh fostaíochta a éileamh freisin nó féadfaidh tú síniú i gcomhair d'íocaíochta ar líne. Is féidir le custaiméirí Oifigí Leasa Shóisialaigh Áitiúla áirithe a n-iarratas ar shaoire a chur faoinár mbráid freisin. Tá na sonraí iomlána de na hoifigí a sholáthraíonn na seirbhísí seo ar www.welfare.ie.

15. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Tá a thuilleadh eolais ar Intreo agus ar sheirbhísí na Roinne Coimirce Sóisialaí le fáil:

- ar www.intreo.ie
- ar www.welfare.ie,
- ó d'Oifig Intreo Áitiúil nó d'Oifig Leasa Shóisialaigh Áitiúil,
- ó d'Ionad Áitiúil Faisnéise do Shaoránaigh (www.citizensinformation.ie) agus
- inár bPaca do Lucht Cuardaigh Fostaíochta.